
# Bean ó Dhia

Séideán Sí



Gobnait Uí Chonchubhair
a chóirigh
Dómhnal Ó Bric a mhaisigh

# *Bean ó Dhia*

An chéad eagrán 2007

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2007

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Dómhnal Ó Bric

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

Cóiriú is ea an scéal seo ar CBÉS 421: 433 as Bailiúchán na Scol. Tá na foilsitheoirí buíoch den Ollamh Séamas Ó Catháin (Lárionad Uí Dhuilearga do Bhéaloideas Éireann agus Cnuasach Bhéaloideas Éireann UCD) as cead a thabhairt an scéal a chóiriú agus a fhoilsiú.

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

# Bean ó Dhia




Gobnait Uí Chonchubhair
a chóirigh
Dómhnal Ó Bric a mhaisigh



An Gúm
Baile Átha Cliath



Bhí baintreach ina cónaí in aice an Daingin uair dá raibh. Aon mhac amháin a bhí aici. Brian a bhí air.



Théadh sé don Daingean ag imirt chártaí istoíche ar amanta.

Oíche dá raibh sé ag gabháil an bóthar chonaic sé chuige ceathrar fear agus comhra ar a ngualainn acu.



Ag druidim dóibh le Brian bhuail an ceathrar an chomhra anuas ar an mbóthar.



Agus leis sin d'imigh siad as radharc.

Bhuail fiosracht Brian. Sall leis go dtí an gcomhra agus d'fhéach sé isteach inti.



Cad a bhí sa chomhra ach bean bhreá óg dhathúil! Thit Brian i ngrá léi ar an dtoirt.



Níor dhein Brian faic ach an chomhra a bhualadh ar a ghualainn agus tabhairt faoin mbaile.



Nuair a chonaic a mháthair ag teacht é agus an chomhra ar a ghualainn aige bhí iontas uirthi.



D’fhéach máthair Bhriain isteach
sa chomhra.
‘Cá bhfuairis do bhean, a Bhriain?’
ar sise.
‘Ó Dhia a fuaireas í,’ arsa Brian.

Bhí buairt ar Bhrian mar nach raibh aon chaint ag an mbean. Siúd leis go dtí an lios a bhí i gcóngar an tí. Shuigh sé síos dó féin. Faoi cheann tamaill chuala sé na sióga ag caint.



‘Dá mbeadh braon den deoch sin ar an mbord ólta aici bheadh caint aici,’ arsa sióg amháin.

D’ardaigh croí Bhriain.

‘Ar mo bheansa atáid ag trácht,’ ar sé leis féin.





Isteach leis sa lios.
'An bhféadfainn an deoch sin ar an mbord a bheith agam le tabhairt do mo bhean,' a d'fhiafraigh sé de na sióga.



Thug sióg an deoch dó ach dúirt sí, 'Ná doirt oiread is braon den deoch nó ní leigheasfar do bhean.'



Bhí ardáthas ar Bhrian. Thug sé an-aire don bhuidéal ar a shlí abhaile. 'Beidh caint ag mo bhean anois,' ar seisean leis féin.

Isteach abhaile leis gur thug sé an deoch dá bhean.
'Ól é seo,' ar seisean léi, 'agus beidh caint agat.'



Shín sé an deoch chuici. Bhí Brian bocht ar tinneall a fhad is a bhí an bhean ag ól. Nuair a bhí an deoch ólta ag an mbean tháinig a caint chuici! D'inis sí do Bhrian agus dá mháthair cad a d'imigh uirthi.



‘Bríde an t-ainm atá orm,’ ar sise.
Ansin dúirt Bríde leo gur thug na
sióga leo í ó íochtar na hÉireann.

‘Caithfidh mé litir a scríobh go dtí mo mhuintir,’ ar sise ansin. ‘Beidh buairt orthu.’



Scríobh Bríde an litir agus thug do Bhrian í.



Bhailigh Brian leis thairis sléibhte agus gleannta. Stad ná staonadh níor dhein sé gur bhain sé amach íochtar na hÉireann. Ba ghearr go bhfuair sé amach tigh na mná. Tigh beag feirmeora ab ea é.



Isteach leis sa tigh. Bhí fear, bean agus garsún suite istigh agus iad faoi bhrón. Bhí buairt ar a gcroí. Bhí an bhean ag gol go ciúin cois na tine.





Shín Brian an litir go dtí bean an tí.
Nuair a léigh bean an tí an litir
bhí iontas an domhain uirthi.
‘Tá Bríde ina beatha! Tá sí ina
beatha!’ arsa bean an tí.



Tháinig aoibh an gháire ar fhear an tí.
'Tá Bríde ina beatha!' ar seisean
agus iontas an domhain air.



Léim an garsún den chathaoir.

'Tá Bríde ina beatha!' ar seisean.




‘Suigh síos ansin,’ arsa bean an tí le Brian. ‘Ní foláir nó go bhfuil ocras ort.’

Shuigh Brian chun boird agus d’ith sé agus d’ól sé a sháith.



‘Táimid thar a bheith buíoch díot ach caithfimid Bríde a thabhairt thar n-ais abhaile,’ arsa fear an tí le Brian. ‘Baileoimid linn le solas an lae agus tabharfaimid abhaile í.’



Bhí cumha ar Bhrian. Thabharfaidís Bríde abhaile leo agus ní chífeadh sé go deo arís í. Aon chodladh níor dhein sé an oíche sin!



Le solas an lae d'imigh fear an tí agus a mhac in éineacht le Brian. Bhailíodar leo thairis sléibhte agus gleannta gur bhaineadar amach tigh Bhriain.



Agus iad i gcóngar an tí chonaiceadar Bríde sa doras. Rith sí chucu agus rug sí barróg ar a hathair agus ar a deartháir.




‘Suigh síos ansin,’ arsa máthair Bhriain leo. ‘Ní foláir nó go bhfuil ocras oraibh.’

Shuigh siad chun boird agus d’ith siad agus d’ól siad a sáith.

Nuair a bhí a mbolg lán acu shuíodar cois na tine.
‘Raghaimid abhaile le solas an lae,’ arsa athair Bhríde. ‘Is fada le do mháthair go bhfeice sí tú.’



‘Is fada liomsa go bhfeice mé í sin chomh maith,’ arsa Bríde.
Bhí cumha ar Bhrian bocht nuair a chuala sé an méid sin.



‘Ach tiocfadsa thar n-ais anseo go dtí Brian arís,’ arsa Bríde. ‘Mura mbeadh Brian ní bheadh aon chaint agam agus ní chífinn sibhse go deo arís. Ní phósfadsa aon fhear eile ach Brian.’



D’ardaigh croí Bhriain nuair a chuala sé an méid seo! ‘Raghadsa in éineacht libh, mar sin,’ ar seisean. ‘Pósfaidh mé Bríde agus tabharfaidh mé liom abhaile arís í.’



Agus sin é díreach a dheineadar!
Mhair Bríde agus Brian go sona
sásta as sin amach.



*Oíche dá raibh sé ag gabháil*
*an bóthar chonaic Brian chuige*
*ceathrar fear agus comhra*
*ar a ngualainn acu.*

An Gúm